Tuiscint ar Logainmneacha

Tá sé i gceist ag *Gaeilge Locha Riach* agus *www.aughty.org* tionscadal ar logainmneacha i gcomharsanacht Shliabh Eachtaí a dhéanamh i mbliana. Is é an príomhchuspóir ná tuiscint ar logainmneacha an cheantair a shoiléiriú do phobal na háite agus deis a thabhairt do dhaoine aithne níos fearr a chur ar a gcomharsanacht féin.

Tá an togra seo ar siúl i gcomhar le cumainn staire éagsúla sa cheantar agus é mar aidhm tabhairt faoi scéim píolótach leis an tionscadal ar logainmneacha a chur i gcrích. Beidh comhoibriú leanúnach leis na cumainn staire éagsúla i rith an togra, rud a chinnteoidh go mbeidh inchur agus úinéireacht áitiúil ar an tionscadal. Mar chuid den ullmhúchán, déanfar athbhreithniú i gcomhar leis na cumainn staire ar an mhéid atá bailithe sna paróistí seo cheana féin.

Is é an cur chuige atá ann don togra seo ná sraith ceardlanna a sholáthar i bparóistí ar leith faoi scáth Shliabh Eachtaí. Cuirfear tús leis na ceardlanna seo sa **Village Inn i gCill Chríost, Aoine 27 Feabhra ag 8.00 i.n.**
Beidh cur i láthair 'Powerpoint' ar mhaithe le brí logainmneacha an pharóiste a shoiléiriú. Déanfar a leithéid a roinnt i rannóga ar leith agus na logainmneacha fréamhaithe faoi théamaí éagsúla; m.s Arda / Uisce / Portaigh / Bailte / Dúlra / Ainmneacha Pearsanta / Suíomhanna Naofa agus araile...

Óna leithéid de chur i láthair, tá súil go spreagfar plé ar bhrí na logainmneacha, ar an dinnsheanchas a bhaintear leo agus go ndéanfar fiosrúcháin i dtaobh ainmneacha ar pháirceanna, ar oileáin, ar charraigeacha is ar logainmneacha beaga eile atá i mbéal an phobail go háitiúil. Tuigtear go spreagfaidh a leithéid de chruinniú tuiscint níos fearr ar na bailte fearainn agus go méadófar úsáid na leaganacha gaelacha de na logainmneacha sa cheantar.

Tá sé i gceist againn na cruinnithe poiblí seo a thaifeadadh sa dóigh is gur féidir linn aon eolas nó scéaltaí breise a bhailiú go háitiúil. Déanfar eagarthóireacht ar an taifead sa dóigh is gur féidir DVD/CD a sholáthair don phobal.

Feictear go dtiocfadh tógáil ar an obair tar éis na cruinnithe poiblí agus tuilleadh iniúchadh agus staidéar a dhéanamh ar an ábhar go haitiúil. Ba cheart go mbeadh deis ag an phobal i gcoitinne teacht ar an ábhar bailithe agus go mbeadh sé ar fáil sna leabharlanna aitiúla i gContae na Gaillimhe, ag na cumann staire agus eile. Tuigtear fosta go bhfuil an oiread sin spéise san ábhar seo go dtiocfadh neart féidireachtaí a bheith ann leis an togra agus deiseanna ann leabhair nó léarscáileanna áitiúla a fhoilsiú bunaithe ar an ábhar bailithe.

Cuirfear fáilte roimh éinne a bhfuil spéis acu san ábhar seo a bheith ag an chéad chruinniú i **gCill Chríost 27 Feabhra.**

Tuilleadh eolais: Gaeilge Locha Riach ***091 870718*** *nó* prua@lochariach.com